2024/1148

16.5.2024

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 266/2023

## an 27 Deireadh Fómhair 2023

## lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1148]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1078 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena bhformheastar ózón a ghintear as ocsaigin mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 4, 5, agus 11 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1079 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena bhformheastar aicéatáit (13Z)-heicsideic-13-in-11-in-1-ile mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1084 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2023 maidir leis na hagóidí nach bhfuil réitithe i leith na gcoinníollacha maidir le húdarú a dheonú don táirge bithicídeach A-Quasan i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1085 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* Séiritíopa H14, Tréithchineál AM65-52 lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1086 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le meatafluitrin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(6) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1087 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le lambda-ciahalaitrin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(7) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1088 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le deiltemheitrin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(8) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1097 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2023 gan ciainimíd a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 3 agus 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

---

([1]) IO L 144, 5.6.2023, lch. 7.
([2]) IO L 144, 5.6.2023, lch. 11.
([3]) IO L 144, 5.6.2023, lch. 91.
([4]) IO L 144, 5.6.2023, lch. 94.
([5]) IO L 144, 5.6.2023, lch. 96.
([6]) IO L 144, 5.6.2023, lch. 98.
([7]) IO L 144, 5.6.2023, lch. 100.
([8]) IO L 146, 6.6.2023, lch. 27.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 12zzzzzzzzzd (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/680 ón gCoimisiún) de Chaibidil XV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'12zzzzzzzzze. **32023 R 1078**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1078 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena bhformheastar ózón a ghintear as ocsaigin mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 2, 4, 5, agus 11 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 144, 5.6.2023, lch. 7).

12zzzzzzzzzf. **32023 R 1079**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1079 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena bhformheastar aicéatáit (13Z)-heicsideic-13-in-11-in-1-ile mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 144, 5.6.2023, lch. 11).

12zzzzzzzzzg. **32023 D 1084**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1084 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2023 maidir leis na hagóidí nach bhfuil réitithe i leith na gcoinníollacha maidir le húdarú a dheonú don táirge bithicídeach A-Quasan i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 144, 5.6.2023, lch. 91).

12zzzzzzzzzh. **32023 D 1085**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1085 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le *Bacillus thuringiensis* fospeiceas *israelensis* Séiritíopa H14, Tréithchineál AM65-52 lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 144, 5.6.2023, lch. 94).

12zzzzzzzzzi. **32023 D 1086**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1086 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le meatafluitrin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 144, 5.6.2023, lch. 96).

12zzzzzzzzzj. **32023 D 1087**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1087 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le lambda-ciahalaitrin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 144, 5.6.2023, lch. 98).

12zzzzzzzzzk. **32023 D 1088**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1088 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2023 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le deiltemheitrin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 144, 5.6.2023, lch. 100).

12zzzzzzzzzl. **32023 D 1097**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1097 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2023 gan ciainimíd a fhormheas mar shubstaint ghníomhach atá ann cheana lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineálacha táirgí 3 agus 18 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 146, 6.6.2023, lch. 27).'

*Airteagal 2*

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1078 agus (AE) 2023/1079 agus Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1084, (AE) 2023/1085, (AE) 2023/1086, (AE) 2023/1087, (AE) 2023/1088 agus (AE) 2023/1097 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 28 Deireadh Fómhair 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Pascal SCHAFHAUSER